



RTÉ



Ilchineálacht agus Uilechuimsitheacht in RTÉ

Athshamlú don Ghlúin Nua



Is de dhlúth agus d'inneach straitéis 2018-2022 RTÉ an Ilchineálacht agus an Uilechuimsitheacht (D&I), agus is tréithe iad atá le sonrú ar an aisling, ar an misean agus ar luachanna na heagraíochta. Leagtar amach sa straitéis go bhfuil de fhreagracht orainn ar fad, asainn féin agus in éineacht, saol agus tuairimí an uile dhuine in Éirinn a chur i láthair agus a thabhairt san áireamh.

I gcomhthéacs athrú a bheith ag teacht ar chúrsaí an tsaoil agus leasú ar straitéis agus ar aisling na heagraíochta, rinneadh athscrúdú maidir leis an gcur chuige i ndáil le hIlchineálacht agus Uilechuimsitheacht, ar an aer agus i ndáil leis an lucht saothair. Faoi cheannródaíocht an Phríomh-Stiúrthóra agus an Bhoird Feidhmiúcháin, tá meitheal iomlán RTÉ ag brú na n-athruithe sin chun cinn a bhfuil gá leo maidir leis na modhanna oibre agus na bealaí ina ndéantar lucht láithreoirachta agus léiriúcháin a earcú agus daoine a roghnú le bheith ar chlár. Táthar ag leanúint chomh maith leis an gcaidreamh tairbheach leis an bpobal i gcoitinne. Tá ról ag an uile dhuine againn sa chúram.

Tá de rún daingean againn an Ilchineálacht agus an Uilechuimsitheacht a bheith ina shlánchuid den bheartaíocht ar fad, ar an aer agus eile, ionas go mbíonn ilchineálacht Éire na linne seo le sonrú go soiléir ar an eagraíocht – ar mhuintir na heagraíochta agus ar thoradh a gcuid saothair.

Dírítear aird sa leabhrán seo ar na príomhphrionsabail is bun leis an straitéis nua Ilchineálachta agus Uilechuimsitheachta agus leagtar amach geallúintí ina leith.

Tá ceithre cinn de phrionsabail bhuntábhachta ina mbonn treise faoin straitéis, mar seo a leanas:

1. Ionracas – beifear fírinneach, cruinn, ar an eolas, macánta agus dáiríre

2. Uilechuimsitheacht – eagraíocht ionadaíochta a bheidh in RTÉ le meitheal ómósach, machnamhach, sochaideartha, leathanaigeanta, sárcheangailte le comhar páirtnéireachta le heagraíochtaí pobail agus oideachais ar fud na hÉireann

3. Cothroime – oibreofar go cóir; déanfar beart go críochnúil; tabharfar an uile dhuine, sinn féin san áireamh, chun cuntais; agus fanfar staidéarach neamhchlaonta le haird ar an leatrom

4. Comhionannas – duine ann féin an uile dhuine againn agus ilchineálacht ag baint linn ó thaobh meoin agus tuairime; bainimid ar fad leis an Aon RTÉ Amháin agus déanaimid freastal, in éineacht, ar an lucht éisteachta agus féachana



Ilchineálacht agus Uilechuimsitheacht - aisling

Tá rún ag RTÉ ábhar spéisiúil a chruthú lena léirítear ilchineálacht na tíre atá faoi shíorathrú agus ina gcoirtar éagsúlacht an tsaoil ag an uile dhuine de mhuintir na hÉireann. Chun sin a dhéanamh le barr éifeachta, cinntear go mbíonn ionadaíocht atá cóir dílis, maidir le hinscne, aois, taithí sóisialta, claonadh gnéis, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta agus stádas teaghlaigh, creideamh agus a bheith ar dhuine den Lucht Siúil, ag rith leis an ábhar agus leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Tuigtear an ról tréan atá leis na meáin chumarsáide maidir le caoinfhulaingt, meas agus uilechuimsitheacht a chur chun cinn – is fearr a chruthaítear ar son na hÉireann nuair a dhéantar sin go maith.

An Aisling A bheith ina chrann seasta ag cultúr na hÉireann tríd an lucht féachana agus éisteachta a chothú le hábhar atá iontaofa, spéisiúil agus dúshlánach; ceiliúradh a dhéanamh ar ilchineálacht shaoithiúil na tíre; agus, daoine cumasacha de chuid na hÉireann a chothú.

An Misean Cur le saol na hÉireann le hábhar atá ina lón smaointeoireachta, foghlama agus siamsaíochta.

Na Luachanna I ndáil le RTÉ, an eagraíocht agus na daoine san eagraíocht sin, beidh a n-aghaidh amach; beidh tréithe na cruthaitheachta, an mheasa, na hinmharthanachta agus na freagrachta, an chomhair agus na follasachta ag rith leo.

Tá buntábhacht le cur chuige soiléir, díocasach, cuimsitheach maidir le hIlchineálacht agus Uilechuimsitheacht ionas gur féidir an misean a thabhairt i gcrích, beart a dhéanamh de réir na haislinge agus cloí leis na luachanna. Tá leagtha amach ag RTÉ ceannasaí dúthrachtach lánaimseartha a earcú chun cúrsaí **Ilchineálachta agus Uilechuimsitheachta a chur chun cinn.**

ews2day



Ilchineálacht agus Uilechuimsitheacht – geallúintí

Tá ceithre cinn de gheallúintí ginearálta aontaithe. Ag teacht leis an tráthchlár a ghabhann leis an straitéis nua, tá aidhmeanna faoi leith á sonrú maidir le tréimhse meántéarmach (2018-2022) agus le tréimhse fadtéarmach (faoi mbliain 2030).

Tá RTÉ tugtha d'aidhmeanna ilchineálachta maidir le gnóthaí ar an aer a thabhairt i gcrích a fhágfaidh, le himeacht aimsire, go mbítear ag teacht le gnéithe na hIlchineálachta ar fud dhaonra na hÉireann. An tráth céanna, tá RTÉ, le teann measa ar a bhfuil ag obair do RTÉ agus a dhéanann tairbhe maidir le hábhar RTÉ, tugtha do lucht saothair den ilchineálacht agus den uilechuimsitheacht a spreagadh agus a chothú.

Mar bheart tosaigh, beidh RTÉ ag seoladh an chéad suirbhé ilchineálachta agus uilechuimsitheachta riamh i mí Deireadh Fómhair ar iomlán na bhfostaithe. Déanfar na sonraí a chruinnítear a chur faoi anailís agus tuairisc a thabhairt orthu agus beidh siad ina lón eolais ina dhiaidh sin maidir le bearta a dhéantar chun an straitéis ilchineálachta agus uilechuimsitheachta a thabhairt i gcrích.



1. Meon agus ilchineálacht na hÉireann a léiriú agus a chur i láthair

Déanfar meon agus ilchineálacht na hÉireann a léiriú agus a chur i láthair trí aidhmeanna a thabhairt i gcrích atá ag teacht le straitéis RTÉ 2018-2022 chomh maith le spriocanna fadtéarmacha (faoi 2030) ionas go mbíonn ilchineálacht na tíre (de réir inscne, eitneacht Éireannach/neamh-Éireannach, éagsúlacht cumais agus claonta gnéis) le sonrú orainn, ar an aer agus maidir le gnáthchúrsaí oibre. Trí sin a dhéanamh, gealltar go mbeidh siad féin le haithint orainne ag an lucht féachana agus sinne le haithint orthusan. Is iad na cuspóirí ionadaíochta a chuirimid romhainn:

- Cothromaíocht inscne 50/50 ar fud RTÉ go hiomlán agus, nuair is féidir sin, ar gach leibhéal tábhachtach den bhainistíocht
- 5% le hardú go dtí 10% ar a laghad de dhaoine nach de bhunadh Éireannach iad
- 5% le hardú go dtí 8% ar a laghad de dhaoine faoi mhíchumas
- Réamhspríoc íosta 4% de dhaoine a shonraíonn gur daoine den phobal LGBTQI iad

NÓTA: Admhaítear nach féidir ilchineálacht na hÉireann a cheangal le gnéithe inscne, eitneachta, míchumais, claonadh gnéis agus féiniúlacht inscne amháin ná a mheas dá réir sin amháin. Tá RTÉ, trí lucht saothair níos ilchineálaí, tugtha do bheith ina léiriú ar chás dáiríre na hÉireann mar náisiún lena mbaineann daoine ó réimse leathan de chúlraí sóisialta, de mhodhanna smaointeoireachta, de thuairimí, de chineálacha taithí ar an saol, de phróifíilí aoise, de chineálacha creidimh agus eile.



2. Spreagadh agus oideachas don lucht saothair

Cuirfear oideachas ar an lucht saothair faoina bhfuil i gceist le hIlchineálacht agus Uilechuimsitheacht don eagraíocht agus cothófar ról gníomhach maidir le timpeallacht den ilchineálacht agus den uilechuimsitheacht a chruthú. Déanfaidh RTÉ, an tráth céanna, caidreamh a chothú leis na fostaithe trí shuirbhéanna rialta maidir le hIlchineálacht agus Uilechuimsitheacht ionas go mbíonn réimsí éagsúla agus taithí an lucht saothair ar eolas.



3. Slánchuid de pholasaithe agus de ghnáis an ionaid oibre a dhéanamh de chúrsaí D&I

Déanfar slánchuid i bpolasaithe na heagraíochta maidir leis an ionad oibre de chúrsaí D&I ionas go gcoinntítear go mbaineann uilechuimsitheacht go hiomlán leo agus go gcuireann siad bonn treise faoi dhaoine. Déanfar athbhreithniú agus forfheabhsú freisin ar ghnáis oibre, mar shampla ar Threoirlínte Iriseoireachta RTÉ agus ar ghnáis coimisiúnaithe RTÉ.



4. Act as a leader in championing D&I and promoting strategies to address inequities in the creative and media industries

Déanfar ceannródáíocht maidir le seasamh ar son cúrsaí D&I ar fud na hÉireann agus le straitéisí, lena n-áirítear díriú ar ghluaisteacht shóisialta, chun tabhairt faoin éagothromaíocht maidir le cead isteach, ionadaíocht agus forbairt i dtionscal na cruthaitheachta agus i dtionsal na meán cumarsáide in Éirinn.

**1. Meon agus
ilchineálacht na
hÉireann a léiriú
agus a chur
i láthair**

“



**3. Slánchuid de
pholasaithe agus
de ghnáis an
ionaid oibre a
dhéanamh
de chúrsaí D&I**

**Ilchineálacht
agus
Uilechuimsitheacht
– geallúintí**

**2. Spreagadh
agus oideachas
don lucht saothair**



**4. Ceanrdaíocht a
dhéanamh maidir le seasamh
le cúrsaí D&I agus straitéisí a
chur chun cinn maidir le
héagothromaíocht i dtionscal
na cruthaitheacht agus i
dtionscal na meán cumarsáide**

Ilchineálacht agus Uilechuimsitheacht (D&I) – plean gníomhaíochta



Tá plean gníomhaíochta mionsonraithe, arna chur ar bun go cuí leis na hacmhainní is gá, de dhíth chun na geallúintí D&I a thabhairt i gcrích. Beidh beirt seaimpíní D&I (daoine ar a leagtar freagracht go díreach maidir le ceann nó níos mó ná ceann de na geallúintí D&I agus a bhfuil ar a gcumas maitheas a dhéanamh ina leith) freagrach as gach beart gníomhaíochta. Beidh ról cinniúnach leis an gCeanntóir D&I thuasluaite maidir le gach beart gníomhaíochta, agus an straitéis D&I ina hiomláine, a chur chun cinn.

1. Meon agus ilchineálacht na hÉireann a léiriú agus a chur i láthair


	Tráthchlár	Seaimpíní D&I
Ceanntóir D&I a earcú chun an clár oibre D&I a chur chun cinn ar fud RTE.	R4 2018 / R1 2019	AD
Plean gníomhaíochta mionsonraithe D&I a leagan amach.	R4 2018/R1 2019	AD
Glórtha Nua, Dearcadh Nua – bunachar sonraí de dhaoine a chuirfeadh le clár agus d'fhoinsí léargais agus tuairimíochta ag lucht déanta na gclár; bheadh an acmhainn seo á cruthú trí shraith de cheardlanna dírithe ar ghlórtha agus aghaidheanna nua éagsúla a aimsiú a bhaineann le raon leathan réimsí, cúlraí agus tuairimí.	Ar lean ó 2018 amach sa bhliain 2019	Ábhar
Ceardlanna cruthaitheachta le háisitheoir a chur ar bun don lucht déanta clár ag teacht le tionscnamh na nGlórtha Nua.	2019	AD/Ábhar
Dream suas le seisear-deichniúr seaimpíní D&I a roghnú agus a chur i láthair (daoine ar a leagtar freagracht go díreach maidir le ceann nó níos mó ná ceann de na geallúintí D&I agus a bhfuil ar a gcumas maitheas a dhéanamh ina leith).	R4 2018/R1 2019	AD
Oiliúint ar na seaimpíní D&I	2019	AD
Modhanna meastóireachta atá docht cruinn a chur ar bun maidir le cúrsaí ilchineálachta ar an aer. Béim a leagan ar na paraiméadair is gá ionas gur féidir tagarmharcáil a dhéanamh, spriocanna a leagan síos agus an mheastóireacht maidir le cúrsaí ilchineálachta ar an aer a thabhairt chun cinn.	2019	ACM + Ábhar
Monatóireacht agus tuairiscíocht rialta maidir le cúrsaí ilchineálachta ar an aer a chur i bhfeidhm i gcomhar le páirtneirí de chuid an tionscail.	Tosú in R4 2019 agus ar lean 2020-2022	AD
Glúin nua de dhaoine cumasacha a thabhairt chun cinn le tionscnaimh shaindírithe meantóireachta agus urraíochta.	2019-2022	AD
Socruithe aistriúcháin maidir le daoine ó stáisiúin raidió digiteacha ar na stáisiúin raidió náisiúnta d'fhonn glórtha nua ilchineáil ar an raidió i rith an lae faoin mbliain.	2019-2022	Ábhar





1. Meon agus ilchineálacht na hÉireann a léiriú agus a chur i láthair (ar lean)

	Tráthchlár	Seaimpíní D&I
Béim ar ambasadóirí feiceálacha dár gcuid (mar shampla, láithreoirí ardchlú ar an aer) chun íomhá níos ilchineálaí a chur chun tosaigh.	2019-2022	Ábhar
Tionscnaimh a thabhairt chun cinn lena dtugtar an Ghaeilge i gceartlár bheartaíocht uile RTÉ (mar shampla, an Ghaeilge bheith fite fuaite tríd cainél agus seirbhísí RTÉ ar fad; agus ábhar ardchaighdeán a chruthú agus scéalta breátha a insint i nGaeilge).	2019-2022	Ábhar
Cur le líon na ndaoine faoi mhíchumas a oibríonn san eagraíocht trí sholáthar do chóiríocht speisialta, mar shampla bearta forfheabhsúcháin maidir le cúrsaí áisiúlachta (fisiciúil agus digiteach).	2019-2022	AD
Leathnú le húsáid as cuntas fuaime (AD) dóibh siúd a bhfuil lagú ar an amharc acu agus cur le húsáid mhol Theanga Comharthaíochta na hÉireann (ISL) ar sheinnteoir an RTÉ Player.	2019-2022	ACM
Comhar páirtnéireachta a chruthú/chothú maidir le socrúcháin ó réimse fairsing institiúidí (mar shampla an Scoil Náisiúnta Scannánaíochta in Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Scoil na hIriseoireachta in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in OÉ, Gaillimh, scoileanna DEIS etc).	2019-2022	AD
Cur leis na deiseanna ag daoine ó chúlra atá níos ísle ó thaobh cúrsaí socheacnamaíochta mar chuid den chur chuige inmheánach maidir le gluaisteacht shóisialta.	2019-2022	AD
Suirbhéanna a dhéanamh gach bliain ar Phainéil Fhreagairt an Lucht Féachana/Éisteachta d'fhonn tuairimí an lucht féachana agus éisteachta faoin ilchineálacht ar an aer a mheas.	Leanúnach 2018-2022	ACM
Úsáid a bhaint as an Rianaire Branda chun toisí D&I a leanúint agus a thomhas maidir leis an lucht éisteachta/féachana.	Leanúnach 2018-2022	ACM



WINNER
CHOICE OF THE YEAR
IRISH

RTÉ
CHOICE
MUSIC
PRIZE



2. Spreagadh agus oideachas don lucht saothair

	Tráthchlár	Seaimpíní D&I
Modúl oiliúna maidir le haird ar chúrsaí D&I do na fostaithe go léir a thabhairt i bhfeidhm.	R4 2018	AD
Modúl oiliúna maidir le haird ar chúrsaí D&I do na bainisteoirí agus ceannairí foirne go léir a thabhairt i bhfeidhm.	R4 2018	AD
Suirbhé maidir le cúrsaí D&I do na fostaithe go léir a thabhairt i bhfeidhm.	R4 2018	AD
Anailís maidir le riachtanas oiliúna a dhéanamh agus sraith de chlár oiliúna a chur ar fáil dá réir sin (d'fhéadfadh ceardlanna a bheith i gceist maidir le haird agus tuiscint ar leatrom, le ceannaireacht den uilechuimsitheacht agus meas sa láthair oibre).	2019	AD
Cúrsaí D&I a bheith ina chuid den oiliúint ionduchtála ar na fostaithe nua ar fad agus ar bhainisteoirí agus cheannairí foirne nuacheaptha ar ardú céime a fháil.	2019-2022	AD
Gnáthrud a dhéanamh de bhearta foghlama, cóitseála, meantóireachta agus de chumarsáid forfheabhsaithe inmheánach (e.g. leas a bhaint as Mol RTÉ mar ardán cumarsáide agus comharoibre).	Tús faoi R4 2019 agus ar lean 2020-2022	HR + Oifig an AS
Beara praiticiúla sothuigthe a chur ar fáil don uile fostaí mar lón cuimhne maidir leis an tuiscint nua ar chúrsaí D&I agus an straitéis nua ina leith agus mar ábhar meabhrúcháin maidir leis na bunphrionsabail (ábhar fisiciúil agus digiteach cuimhneacháin, síniú leasaithe le teachtaireachtaí ríomhphoist, láinnéir nua etc. san áireamh).	2019, ar lean	ACM & Oifig an AS
Sraith d'fhóiraim smaointeoireachta agus de ghrúpaí fócais a leagan amach agus a chur ar siúl ionas go bhfaightear ábhar léargais taobh istigh de RTÉ.	2019	Seaimpíní D&I
Sraith de ghrúpaí acmhainne don fhostaí a chur le chéile – ar a mbeadh comhghuaillithe, lucht abhcóidíochta agus daoine den phobal – agus teacht i láthair agus cúnamh ón lucht feidhmiúcháin a chur ar fáil ionas go mbíonn leas as lucht sainspéise agus sainchumais maidir le réimsí éagsúla de chúrsaí D&I. Mar shampla: Ilchineálacht – ilchineálacht fhisiciúil agus feasa agus an tsláinte meabhrach; 50/50 – incsne; Geallúintí – teaghlaigh oibre, lucht cúraim, lucht spóirt agus lucht léinn; Críonnacht na nGlúnta – glúnta éagsúla.	2019-2022	AD





3. Slánchuid de pholasaithe agus de ghnáis an ionaid oibre a dhéanamh de chúrsaí D&I

	Tráthchlár	Seaimpíní D&I
Leasú a dhéanamh ar an straitéis earcaíochta agus roghnúcháin (lena n-áirítear spriocanna maidir le hiarrthóirí ilchineálachta agus painéil lucht agallaimh).	2019	AD
Feabhas a chur ar pholasaithe agus ar ghnáis oibre maidir le tuismitheoirí agus cúramóirí sa lucht oibre.	2019	AD
Feabhas a thabhairt i gcrích maidir leis an gcumarsáid faoi mhodhanna solúbtha oibre agus deiseanna eile atá ar fáil ag an bhfostaí.	2019 -2022	AD
Slánchuid a dhéanamh den ilchineálacht sna próisis coimisiúnaithe.	2019	Ábhar
Leasú a dhéanamh ar na treoirlínte maidir le cúrsaí D&I i ndáil le hábhar a choimisiúnú (teilifís agus raidió) agus na treoirlínte nua a chur in iúl.	2019	Ábhar
Leasú & géarú a thabhairt ar na treoirlínte iriseoireachta agus na treoirlínte faoi chaighdeán maidir le hábhar cláir ionas go gcinntítear go mbíonn meon na huilechuimsitheachta ag rith go hiomlán leo agus go gcuireann siad bonn treise faoin straitéis maidir le cúrsaí D&I.	2019	Nuacht & Cúrsaí Reatha, Ábhar, Oifig an AS





4. Ceannródaíocht a dhéanamh maidir le seasamh le cúrsaí D&I agus straitéisí a chur chun cinn maidir le héagothromaíocht

	Tráthchlár	Seaimpíní D&I
Cead isteach a bheith ar champas RTÉ ar mhaithe le deiseanna foghlama trí thréimhsí socrúcháin agus iasacht a eagrú mar chuid de cheangal páirtnéireacht leis an tríú páirtí i réimsí oideachais, sóisialta agus pobail (lena n-áirítear ceangal níos minice le daltaí cumasacha i scoileanna a thagann faoin scéim DEIS).	Initiate by Q4 2019 and continue 2020-2022	AD
Cruth foirmeálta a chur ar chlár do chéimithe agus do dhaoine gan céim as dreamanna tearcionadaíochta gach bliain agus cúnamh taca a thabhairt trí urraíocht agus meantóireacht a shocrú.	2020	AD
An tionscnamh maidir le Glórtha Nua a úsáid ionas gur mó ilchineálachta a bhaineann le painéil na seomraí nuachta/iriseoireachta.	2019-2022	Ábhar
Borradh a chur in athuair faoin scéim caidrimh ar éirigh go maith leis cheana trí fhéachaint le fáilte a chur roimh 25 dream éagsúil faoi leith gach bliain, a bhaineann le hoideachas dara leibhéal, oideachas tríú leibhéal, tionscadail shóisialta i lár cathrach, cuairteoirí ón iasacht agus grúpaí cathartha.	2019-2022	ACM + Oifig an AS
Ceannródaíocht a dhéanamh maidir leis an bplé ar chonstaicí a chur de leataobh ionas go mbíonn aird á dhíriú ar ghlórtha uile na hÉireann (glórtha RTÉ san áireamh), cluas á thabhairt dóibh agus cúram á dhéanamh dá ndeirtear.	Leanúnach	Seaimpíní D&I / Oifig an AS
Plé earnála a eagrú leis an Údarás Craolacháin, le Scáileán Éireann, SPI agus AIRPI.	Leanúnach	Oifig an AS
Cuótaí ilchineálachta a chur i bhfeidhm maidir le soláthraithe (i ndáil le hobair le haisteoirí breise, teachtairí léiriúcháin etc).	Leanúnach	Oifig an AS
RTÉ a chur sa chaoi is gur ann is rogha le daoine a bheith fostaithe; cur chuige ‘ainm agus iomrá’ a úsáid maidir le dea-scéalta faoi chúrsaí D&I agus an tairbhe a bhaineann le hoibriú in RTÉ.	Leanúnach	AD





Raidió Teilifís Éireann
Baile Átha Cliath 4, Éire.

RTÉ
Dublin 4, Ireland.

T: +353 1 208 3111
F: +353 1 208 3080

E: info@RTÉ.ie
www.RTÉ.ie

twitter.com/rte
[in linkedin.com/company/rte](https://www.linkedin.com/company/rte)